An Roinn Oideachais

Plean Gnó

2010-2011

Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

Clár

Leathanach

1. Focal ón Aire 1

2. Próifíl na Roinne 3

- Fís agus Ráitis Chomhionannais na Roinne
- Dualgais Reachtúla agus Réimsí Freagrachta
- Struchtúr
- Rialachas Corparáideach
- Creat Riosca agus Rialaithe

3. Struchtúr na hEarnála Oideachais 6

- Struchtúr Reatha
- Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí

4. Comhthéacs Pleanála 8

- Clár Oibre an Rialtais, Buiséad agus Straitéis Infheistíochta
- Tiománaithe Beartais
- Paraiméadair na nAcmhainní

5. Tosaíochtaí agus Spriocanna 2010-11 13

Aguisíní

A. Struchtúir Inmheánacha Bhainistíochta na RO 24

B. Príomhstaitisticí Oideachais 25

C. Struchtúir Reatha Oideachais 28

D. Spriocanna na RO i dtaca le Comhaontú Seirbhíse Poiblí 29

1. FOCAL ÓN AIRE

Agus mé ag feidhmiú mar Aire Oideachais tá lúcháir orm Plean Gnó na Roinne don bhliain 2010-11 a chur i láthair.

Tá na hathruithe atá beartaithe don earnáil oideachais san Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí ag iarraidh caighdeán na seirbhísí oideachais a fheabhsú agus cur le soláthar an teagaisc agus na foghlama do dhaoine óga trí chreat beartais agus riaracháin a chruthú a chothóidh scoileanna agus a thacóidh leo agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar chúrsaí oideachais. Cé nár bunaíodh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) mar a bhí aontaithe ag an Fheidhmeannas, tá mé ag iarraidh leanúint ar aghaidh le hathruithe ar na struchtúir agus ar na socruithe trína mbainistítear oideachas le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo na físe sin. Chuige sin, cuireadh socruithe eatramhacha i bhfeidhm mar ullmhúchán do bhunú an ÚOS lena chinntiú gur féidir oibriú i dtreo na nithe seo a leanas: coinbhéirseacht na seirbhísí, níos mó comhionannais i dtaca le soláthar na seirbhísí, tóraíocht leanúnach ar fheabhsú scoileanna agus torthaí níos fearr dár ndaoine óga uile i gcomhthéacs beartais a bhfuil comhionannas mar chroílár aige.

Tá an obair seo níos tábhachtaí arís i gcomhthéacs na gcúinsí dúshlánacha airgeadais atá romhainn i mbliana agus sna blianta amach romhainn. Tá sé riachtanach maorlathas a laghdú agus seirbhísí a chuíchóiriú leis an tionchar ar an túslíne a laghdú. Caithfear cinntí deacra a dhéanamh gan dabht agus tá sé riachtanach go dtuigeann gach duine ár bpríomhspriocanna agus go mbeidh siad le feiceáil i gcúrsaí pleanála, sa dóigh a gcuirfimid ár gcúraimí in ord tosaíochta agus sa dóigh a ndéanfaimid cinntí anois agus san fhadtéarma. Lena chois sin, tá sé riachtanach go mbainfimid an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil don earnáil oideachais.

Is iomaí dúshlán a bheidh le sárú sa bhliain amach romhainn. Fad is go mbeimid ag iarraidh athchóiriú struchtúrach a thiomáint ar aghaidh, caithfimid iarracht a dhéanamh gan cur isteach ar na seirbhísí reatha. Lena chois sin, caithfidh an Roinn fócas láidir a choinneáil ar fhoirmliú, ar chur i bhfeidhm agus ar mheasúnú beartais, le soláthar torthaí oideachais níos fearr a chinntiú agus fís agus treo straitéiseach a sholáthar don earnáil oideachais ar bhonn níos leithne.

Tá córas athchóirithe d'aistriú iar-bhunscolaíochta ina ghné riachtanach a bhaineann le córas oideachais níos cothroime, córas a ardaíonn ionchais agus a fheabhsaíonn torthaí dár ndaoine óga uile. Athdhearbhóidh Aistriú 2011 mo thiomantas do chóras neamhroghnach aistrithe, bunaithe ar chomhionannas, ar dheiseanna agus ar fheabhas.

Sa bhreis air sin, aithníonn mo Roinn, ní hamháin an tábhacht a bhaineann le comhionannas a chur chun cinn laistigh d'oideachas ach fosta an méid is féidir le hoideachas a sholáthar i dtaca

le comhionannas a chur chun cinn ar fud na sochaí. Tá comhionannas, cuimsiú agus cearta mar bhunchlocha gach córais oideachais a chumasaíonn gach foghlaimeoir lena lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá mo Roinn tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar neamhionannas ar fud an chórais oideachais, agus coinneoimid ár bhfócas ar na héagóracha a shárú, éagóracha a fhulaingíonn páistí agus daoine óga leochaileacha agus iad atá faoi mhíbuntáiste inár sochaí. Le linn 2010/11, i ndiaidh Treoir Athbhreithnithe an Choimisiúin Chomhionannais ar Alt 75, táirgfidh mo Roinn Scéim úr Comhionannais agus eiseoimid í le haghaidh comhairliúcháin. Tabharfaidh an scéim le fios an dóigh a bhfuil sé beartaithe againn comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn thar an chéad chúig bliana eile.

Níl an Plean Gnó d'obair mo Roinne don bhliain 2010-11 ag iarraidh an réimse iomlán de ghníomhaíochtaí na Roinne a chur i láthair ach, ina áit sin, aibhsíonn sé na réimsí tosaíochta don bhliain le cuidiú treoir a sholáthar agus ár mbealach a stiúradh tríd an ualach oibre. Is mian liom an deis seo a ghlacadh le buíochas a ghabháil le baill foirne as ucht a gcuid oibre crua ar na dúshláin shuntasacha go dtí seo agus tá mé ag tnúth le comhoibriú le feabhsuithe leanúnacha a sheachadadh dár bpáistí agus dár ndaoine óga sa bhliain amach romhainn.

CAITRÍONA RUANE MLA

2. PRÓIFÍL NA ROINNE

Fís

Físráiteas

Tá an RO ann lena chinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir a lánacmhainneacht amach ag gach céim forbartha.

Tosaíochtaí Oideachais

Tá cúig thosaíocht ag an Aire don earnáil oideachais agus tacaíonn siad leis an fhís:

- Caighdeáin a Ardú do Chách
- An Bearna Feidhmíochta a Dhúnadh, Rochtain agus Cothroime a Mhéadú
- An Fórsa Saothair a Fhorbairt
- An Timpeallacht Foghlama a Fheabhsú
- Bainistíocht Oideachais a Athrú ó Bhonn

Comhionannas

Tá béim ar leith san fhísráiteas curtha ar a chinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir a lánacmhainneacht amach. Tá comhionannas deise lárnach do gach rud a dhéanann an roinn mar sin, ní hamháin i dtaca le grúpaí Alt 75 ach do pháistí nó do dhaoine óga ar bith atá thíos le míbhuntáiste oideachais. Tá sé sin le feiceáil ar fud obair an bheartais agus i ndáileadh na n-acmhainní.

Dualgais Reachtúla agus Réimsí Freagrachta

Is é an príomhdhualgas reachtúil atá ar an Roinn oideachas na ndaoine a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear beartas oideachais i bhfeidhm go héifeachtach[1].

[1] An tOrdú um Athchóiriú Oideachais (TÉ) 1989 (Cuid II)

Tá an Roinn freagrach as na réimsí seo a leanas go príomha: soláthar Luathbhlianta, Réamhscolaíocht, Bunscolaíocht, Iar-bhunscolaíocht agus Oideachas Speisialta; an tSeirbhís Óige; Caidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht a chur chun cinn laistigh de scoileanna agus eatarthu; agus Oideachas agus Tuarastail na Múinteoirí.

I measc a príomhfheidhmeanna tá:

- comhairle a chur ar an Aire maidir le beartas oideachais a shocrú;
- reachtaíocht a fhrámú;
- éifeachtacht an chórais oideachais a mhíniú;
- dáileadh, monatóireacht agus cuntasaíocht a dhéanamh ar acmhainní; agus
- tríd an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama agus an oideachais mhúinteoirí.

Struchtúr

Tá an tAire Oideachais i gceannas ar an Roinn, agus tugann Rúnaí Buan agus Bord na Roinne tacaíocht don Aire. Tá 9 Stiúrthóireacht agus an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) laistigh den Roinn. Tá eolas níos mionsonraithe faoin struchtúr le fáil in Aguisín A.

Tá struchtúr eagraíochtúil na Roinne deartha mar sin le misean agus ról na RO a éascú ionas gur féidir léi díriú ar chaighdeáin oideachais a ardú. Déantar sin a sheachadadh trí threo beartais straitéisigh a sholáthar agus trí rialachas láidir, freagracht agus socruithe feidhmíochta a chothabháil, le taifead a choinneáil ar úsáid acmhainní agus gnóthachtáil torthaí.

Rialachas Corparáideach

Tá socruithe Rialachais Chorparáidigh na Roinne mar ghné riachtanach den chreat fhoriomlán rialaithe. Sainíonn siad dáileadh na bhfreagrachtaí laistigh den eagraíocht, cinneann siad na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh cinntí a dhéanamh ar chúrsaí na Roinne agus soláthraíonn siad na modhanna le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Tríd na socruithe sin, cinntíonn Bord na RO go ndéantar bainistíocht éifeachtach ar ghnó na Roinne, go dtugtar

comhairle thráthúil bheartais don Aire, agus rialú éifeachtach airgeadais. I measc na nósanna imeachta tá:

- próiseas cuimsitheach pleanála chorparáidigh trasna na Roinne a chuireann an próiseas bainistíochta riosca san áireamh;
- an buiséad a tharmligean agus socruithe bainistíochta airgeadais;
- cuspóirí soiléire feidhmíochta;
- údarás a tharmligean go soiléir;
- Ráitis ar Rialú Inmheánach; agus
- Seirbhísí inmheánacha agus seachtracha iniúchta.

Creat Riosca agus Smachta

Tá Bord na Roinne freagrach as a chinntiú go bhfuil próiseas éifeachtach bainistíochta riosca ann agus go ndéantar athbhreithniú air ar bhonn rialta. Agus é ag comhlíonadh an dualgais sin, faigheann sé tacaíocht óna Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca agus ó Fhoireann Inmheánach Iniúchta na Roinne.

Leagann Creat Bainistíochta Riosca na RO amach cur chuige na Roinne i dtaca le riosca de agus na meicníochtaí trína sainaithnítear agus trína meastar na rioscaí a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí na Roinne. Lena chois sin, tugann an Creat Bainistíochta Riosca breac-chuntas ar an méid rioscaí a bhfuil an Roinn sásta glacadh leo i dtaca le seachadadh feidhmíochta agus beartais; airgeadas; saincheisteanna comhlíonta; sláinte/leas; slándáil; agus rioscaí do chlú/ inchreidteacht.

Oibríonn Bord na Roinne le Stiúrthóirí le teacht ar chomhaontú maidir leis na rioscaí atá le cur isteach i gClár Riosca Corparáidigh na Roinne agus le húinéireacht a thabhairt do gach riosca. Tá an próiseas bainistíochta riosca imeasctha le gnáthphróisis bhainistíochta agus cuidíonn sé leis an timthriall bliantúil pleanála gnó ionas gur féidir bainistíocht riosca agus smacht inmheánach a cheangal le cumas na Roinne a cuspóirí gnó a chomhlíonadh.

3. STRUCHTÚR NA HEARNÁLA OIDEACHAIS

Struchtúr Reatha

Cuimsíonn Seirbhísí Oideachais agus Óige soláthar Luathbhlianta, soláthar Bunscolaíochta agus soláthar Iar-bhunscolaíochta agus Óige. Tugtar breac-chuntas ar fhaisnéis staitistiúil ar scoileanna, ar mhic léinn agus ar mhúinteoirí in Aguisín B.

Tá comhlachtaí reachtúla páirteach i mbainistiú agus i riarachán seirbhísí oideachais agus óige mar atá Boird Oideachais agus Leabharlann (BOL Bhéal Feirste, BOL an Iarthair, BOL an Oirthuaiscirt, BOL an Oirdheiscirt, BOL an Deiscirt); an Coimisiún Foirne do na Boird Oideachais agus Leabharlann (a dhíríonn earcú, oiliúint agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta oifigigh BOL); Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil; Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe; agus Comhairle Óige do TÉ. Lena chois sin tá roinnt comhlachtaí eile ann a imríonn ról suntasach i riarachán an chórais oideachais, lena n-áirítear an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do TÉ, Comhairle TÉ um Oideachas Comhtháite, Comhairle na Gaelscolaíochta (féach Aguisín C).

Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí

I Samhain 2008, d'aimsigh an tAire Oideachais tacaíocht an Fheidhmeannais leis an Údarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) a bhunú in Eanáir 2010 le cúram na bhfeidhmeanna a ghlacadh chuige féin, feidhmeanna atá á gcomhlíonadh faoi láthair ag na heagraíochtaí seo a leanas:

- cúig Bhord Oideachais agus Leabharlann (BOL);
- Coimisiún Foirne;
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA);
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS); agus
- Comhairle Óige.

Lena chois sin bheadh an ÚOS freagrach as an tacaíocht thúslíne atá á cur ar fáil faoi láthair ag:

- Comhairle TÉ um Oideachas Comhtháite (CTÉOC/NICIE); agus
- Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG).

Lena chois sin, ghlacfadh an ÚOS chuige féin cuid de na feidhmeanna atá á ndéanamh ag an RO le scaradh níos mó a éascú idir ceapadh beartais agus seachadadh oibriúcháin.

Cé nár bunaíodh an ÚOS faoin 1 Eanáir 2010, an dáta a bhí i gceist ag an Fheidhmeannas, cuireadh socruithe rialachais idirthréimhsigh agus bainistíochta i bhfeidhm le héifeachtúlacht níos fearr a sheachadadh i dtaca le seirbhísí oideachais agus caighdeáin a ardú trí choinbhéirseacht na struchtúr bainistíochta agus seirbhísí. Tá breac-chuntas ar na socruithe sin le fáil sa Phlean Seachadta Coinbhéirseachta a d'fhógair an tAire i mí Feabhra 2010.

Seo a leanas na príomhchuspóirí atá leagtha amach le haghaidh coinbhéirseachta:

- Riarachán a chuíchóiriú;
- Deireadh a chur le héagsúlacht i soláthar seirbhíse; agus
- Torthaí a fheabhsú trí phríomhbheartais a chur i bhfeidhm ar bhealach atá níos comhsheasmhaí agus níos dírithe.

Beidh dúshláin ag baint le cuíchóiriú ar an scála sin do leanúnachas gnó agus bainistíocht airgeadais trasna na hearnála oideachais. Aithníonn an Roinn an chastacht a bhaineann leis an tasc agus an gá atá ann lena chinntiú go gcuirfear socruithe láidre rialachais, freagrachta agus tuairiscithe i bhfeidhm sna míonna amach romhainn.

4. COMHTHÉACS PLEANÁLA

An Clár don Rialtas, Buiséad agus Straitéis Infheistíochta

Ullmhaíodh Plean Gnó na Roinne i gcomhthéacs na bpleananna caiteachais do gach Roinn thar na blianta 2008-09 go dtí 2010-11, pleananna atá comhaontaithe ag an Fheidhmeannas, leis na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí atá sa Chlár don Rialtas agus sa Straitéis Infheistíochta a chur i gcrích.

Tá na spriocanna um Chomhaontú Seirbhíse Poiblí (CSP) a bhfuil príomhfhreagracht ag an RO astu le fáil in:

- CSP 10 - Ag cuidiú lenár bpáistí agus lenár ndaoine óga gnóthachtáil trí oideachas; agus

- CSP 19 - Caighdeáin a ardú inár scoileanna.

Lena chois sin, cuidíonn an Roinn le CSPanna leathana eile a chur i gcrích agus le cuspóirí níos fadtéarmaí a chur i gcrích mar atá leagtha amach i straitéisí éagsúla na RO agus straitéisí de chuid Ranna eile (Féach Aguisín D). Leis sin a dhéanamh beidh comhoibriú de dhíth le roinnt ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais, go háirithe iad siúd a bhfuil comhshuimeanna agus comhfhreagrachtaí acu ar nós na Roinne Fostaíochta agus Foghlama (RFF), na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF), na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP).

Tiománaithe Beartais

Mar atá léirithe sna cúig thosaíocht atá ag an Aire don earnáil oideachais, tá phríomhfhócas na Roinne ar chaighdeáin a ardú, go háirithe i litearthacht, in uimhearthacht agus TFC, do gach dalta, ag cur deiridh le bacanna ar an fhoghlaim, agus ag druidim an bhearna sa ghnóthachtáil a mhair i bhfad rófhada idir daoine ó chúlraí éagsúla sóisialta. Tá sé de nós ag beartas oideachais beartais indibhidiúla a cheangal le chéile agus bíonn siad ag brath ar a chéile. Chuige sin, caithfidh forbairt beartais a bheith comhleanúnach laistigh den Roinn agus trasna ár gcomhpháirtithe. Ar an chuma chéanna, tá gá le dul chun cinn laistigh de réimsí sonraithe beartais má táthar leis an chuspóir fhoriomlán a bhaint amach .i. caighdeáin a ardú.

Féadfaidh príomheilimintí straitéis na Roinne a léiriú sa dóigh seo a leanas:

Spriocanna Oideachais

Leibhéal	2011-12	2020
Litearthacht Eochairchéim 2 (% daltaí ag leibhéil ionchais	80%	85%
Mata Eochairchéim 2 (% daltaí ag leibhéil ionchais	82%	86%
Litearthacht Eochairchéim 3 (% daltaí ag leibhéil ionchais	80%	85%
Mata Eochairchéim 3 (% daltaí ag leibhéil ionchais	76%	85%
% daltaí atá ag fáil 5 scrúdú GCSE ag gráid A*-C lena n-áirítear Béarla/Gaeilge AGUS Mata, mar aon le cáilíocht chreidiúnaithe TFC ag EC3 nó EC4	55%	70%
% daltaí FSME atá ag fáil 5 scrúdú GCSE ag gráid A*-C lena n-áirítear Béarla agus Mata	30%	65%
Faoi 2020, a chinntiú go mbeidh feidhmíocht scoile i staidéar PISA i bhfad níos airde ná meánráta ECFE i dtaca le Léitheoireacht, Mata agus Eolaíocht de		
Tá an réimse cúrsaí atá á tairiscint ag gach scoil ábalta tacú le daoine óga a lánacmhainneacht a bhaint amach agus bealaí soiléire a sholáthar ionas go mbeidh siad ábalta dul i dtreo gairmeacha tairbheacha		

Caighdeáin a Ardú do Chách

An Bearna Feidhmíochta a Dhúnadh, Rochtain agus Cothroime a Mhéadú

An Fórsa Saothair Oideachais a Fhorbairt

An Timpeallacht Foghlama a Fheabhsú

Bainistíocht Oideachais a Athrú ó Bhonn

Plean Gnó na RO

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-idirghabhálacha beartais atá deartha le caighdeáin a ardú ar fud na hearnála oideachais faoi cheithre theideal leathana:

- Curaclam spéisiúil agus spreagúil a chur ar fáil, curaclam a théann i dteagmháil le daoine óga agus a spreagann iad ón bhomaite a thosaíonn siad ar scoil éigeantach agus a ullmhóidh iad lena bpáirt iomlán a imirt ina bpobal agus sa gheilleagar agus sa sochaí níos leithne;

- Ag tacú leis an churaclam le socruithe measúnaithe agus tuairiscithe a sholáthraíonn eolas do scoileanna agus do thuismitheoirí maidir leis an dóigh a bhfuil daltaí ag dul chun cinn agus eolas a sholáthar don phobal maidir leis an dóigh a bhfuil ár gcóras oideachais ina iomláine ag feidhmiú;

- Réimse níos leithne agus níos cothroime de chúrsaí a sholáthar do dhaoine óga thar 14 bliana d'aois, cúrsaí atá deartha le freastal ar a gcuid spéiseanna, cumas, agus mianta mar aon le réimse cáilíochtaí inchreidte, aitheanta; agus

- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal an chórais le treochtaí a aithint, dea-chleachtas a aibhsiú, agus aird a tharraingt ar an ghá atá le hidirghabháil lena chinntiú go bhfuil gach scoil dírithe ar fhéinfheabhsú agus ar na torthaí is fearr agus is féidir a chinntiú do dhaltaí.

Aithnítear go mbíonn deacrachtaí ar leith ag roinnt mhaith páistí agus daoine óga agus iad ag foghlaim agus ag déanamh dul chun cinn san earnáil oideachais. Tá fáthanna éagsúla taobh thiar de sin. D'fhéadfadh sainriachtanais oideachais a bheith ar na páistí sin, nó d'fhéadfadh cúinsí sóisialta nó pearsanta a bheith ag cur isteach orthu sa dóigh is go bhfuil bac foghlama ann. Caithfear na bacanna foghlama agus na riachtanais bhreise seo a eascraíonn astu a chur san áireamh agus caithfear idirghabhálacha cuí a chur i bhfeidhm má tá na páistí agus daoine óga lena n-acmhainneacht phearsanta a bhaint amach. Dul i ngleic le bacanna foghlama in éineacht le hardionchais do gach foghlaimeoir; seo ceann de na modhanna is fearr le torthaí foriomlána oideachais a fheabhsú. Ag an am céanna, agus ag leibhéal níos leithne, is léir go bhfuil rochtain ar oideachas cuí ar ardchaighdeán trí chórais chothroma agus éifeachtacha iontrála agus cúnamh iompair ina réamhriachtanas má tá feabhas le cur ar an méid a bhaineann gach dalta amach.

Dea-Cheannaireacht i scoileanna agus ardchaighdeán teagaisc na fachtóirí is tábhachtaí maidir le caighdeán oideachais a ardú agus tá siad thar a bheith tábhachtach má táthar le feabhsuithe a chinntiú i dtorthaí oideachasúla. Ba chóir go mbeadh réimse deiseanna, imeachtaí agus eispéiris ar fáil do mhúinteoirí atá ábalta cuidiú le hiad a chumasú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a

bhíonn ag síorathrú le linn a ngairmréimeanna agus iad a ullmhú le haghaidh róil cheannaireachta in am is i dtráth. Tá gá, mar sin, lena chinntiú go bhfuil soláthar agus seachadadh oideachais mhúinteoirí ag díriú ar cibé is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais na scoileanna (go hindibhidiúil nó i dteannta le chéile) agus ar a bhfuil de dhíth ar mhúinteoirí (go hindibhidiúil nó i dteannta le chéile) le cuidiú le gach duine óg a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Lena chois sin, imríonn an timpeallacht foghlama príomhról i gcumas an pháiste foghlaim agus feidhmiú go héifeachtach. Clúdaíonn sé sin, ní hamháin an suíomh fisiceach, ach a infreastruchtúr tacaíochtaí, na huirlisí foghlama, an baile agus an pobal níos leithne. Le caighdeáin a ardú, ní mór timpeallachtaí foghlama a sholáthar a chuirfidh go mór leis an phróiseas foghlama agus a thacóidh lenár páistí torthaí maithe a bhaint amach.

Sa deireadh, ní mór córas éifeactúil comhleanúnach riaracháin a bheith ann le tacú leo siúd atá páirteach in oideachas a sheachadadh, rud a chinnteoidh go dtig leo teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí atá de dhíth orthu le torthaí oideachais níos fearr a sheachadadh. Cinnteoidh an ghníomhaíocht choinbhéirseachta atá beartaithe don idirthréimhse roimh bhunú ÚOS go mbeidh níos mó comhleanúnachais agus comhsheasmhachta ann i dtaca le soláthair de. Ag an am céanna, cuíchóireoidh sé cúrsaí riaracháin agus, sa dóigh sin, céim níos mó cosanta a chur ar fáil maidir le hacmhainní ag an túslíne. Is é an phríomhthosaíocht a bheidh ann imeascadh seirbhísí corporáideacha agus oideachais a chur chun cinn trasna na gcomhlachtaí idirthréimhseacha oideachais le go mbeidh siad ina struchtúir chomhleanúnacha agus éifeachtacha.

Tá na beartais seo chomh ceangailte sin lena chéile go gcuirfidh siad, ní hamháin le príomhthosaíochtaí sonracha ach, i dteannta le chéile, le fís fhoriomlán na Roinne a bhaint amach, "A chinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir a lánacmhainneacht amach ag gach céim forbartha".

Paraiméadair Acmhainní

Tá sé mar bhunfhreagracht ar an Roinn Oideachais an chuid is mó agus is féidir de na hacmhainní atá ar fáil a aimsiú do sheachadadh na seirbhísí oideachais ar aon dul le tosaíochtaí na Roinne, agus lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní agus go gcoinnítear cuntas orthu ar bhealach a léiríonn úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na gcistí poiblí, agus a thugann aird mar is cuí ar chúrsaí comhionannais.

Is é an tosaíocht a bhí ann i dtaca le leithdháiltí don bhliain 2010-11 ná seirbhísí túslíne a chosaint agus díríonn na leithdháiltí ar chomhionannas, ar mhaorlathas a laghdú agus ar a chinntiú go bhfuil oiread maoinithe agus is féidir ar fáil don seomra ranga. Tá an Buiséad briste síos mar seo a leanas:



Siocair go bhfuil an caiteachas poiblí á ghearradh siar, beidh ar an Roinn agus ar an earnáil bheith solúbtha agus ábalta iad féin a chur in oiriúint don chomhthéacs úr maoinithe. Ní mór don RO agus do na comhpháirtithe oideachais, mar sin, pleanáil le maireachtáil laistigh den bhuiséadú, agus a bheith réidh le pleananna teagmhasachta a chur i ngníomh le haghaidh a thabhairt ar bhrúnna airgeadais a d'fhéadfadh a theacht aníos le linn na bliana, fad is go gcaithfidh siad leanúint le luach maith ar airgead a chinntiú i ngach rud a dhéanann an roinn.

5. TOSAÍOCHTAÍ AGUS SPRIOCANNA 2010-11

Sainaithníonn na hailt seo a leanas na príomhspriocanna don Roinn sa bhliain 2010-11. Tá siad struchtúrtha de réir na gcúig Thosaíocht Oideachais atá ag an Aire agus áiríonn siad alt deiridh ar na gníomhaíochtaí atá de dhíth le freagrachtaí corparáideacha na Roinne a chomhlíonadh. Ní liosta uileghabhálach é seo de ghníomhaíochtaí na Roinne don bhliain 2010-11: cuirfear gníomhaíochtaí eile i gcrích laistigh den Roinn agus clúdaítear laistigh den Phlean Stiúrthóireachta agus den Phlean Gnó Foirne iad de réir mar is cuí.

1. CAIGHDEÁIN A ARDÚ DO CHÁCH		
Spriocanna Gaolmhara CSP 10 & 19		
Uimhir Thagartha	**Sprioc**	**Príomhstiúrthóireacht**
1.	**Straitéis Luathbhlianta** Deireadh a chur le comhairliúchán ar Dhréachtstraitéis Luathbhlianta faoi Nollaig 2010 agus an Straitéis deiridh a fhoilsiú faoi Mhárta 2011.	Teaghlaigh & Pobail
2.	**Cigireacht** Faoi Mhárta 2011, feabhsú a chur chun cinn trí chigireacht a dhéanamh ar 221 suíomh réamhscolaíochta, scoil agus eagraíocht óige agus 88 cigireacht leantacha ar na suímh réamhscolaíochta, na scoileanna agus na heagraíochtaí óige sin, áit nár éirigh go rómhaith leis an chigireacht roimhe seo.	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
3.	**Oideachas Lán-Ghaeilge** Faoi Mhárta 2011, moltaí an Phlean Gníomhaíochta a thabhairt ar aghaidh i dtaca leis an Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht.	Teaghlaigh agus Pobail
4.	**Feabhsú Scoileanna a Chur Chun Cinn** Le linn 2010-11, i dtaca le gach scoil a bhfuarthas amach fá dtaobh dóibh nach raibh an soláthar sásúil iontu i ndiaidh cigireachta, a chinntiú go gcuirfear sa Phróiseas Fhoirmiúil Idirghabhála iad; go mbeidh plean gníomhaíochta cuí comhaontaithe ann; agus go bhfuil siad ag fáil tacaíocht shonraithe ó na comhlachtaí tacaíochta oideachais le dul chun cinn a dhéanamh in éadan an phlean gníomhaíochta chomhaontaithe. (Sprioc Ghaolmhar BOL)	Curaclam, Caighdeáin & Cáilíochtaí

	Gnóthachtáil i litearthacht agus in uimhearthacht a fheabhsú	
5.	Faoi Mheán Fómhair 2010, Straitéis úr Litearthachta agus Uimhearthachta a fhoilsiú lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta, arna tacú ag socruithe úra measúnaithe do Chumarsáid agus Matamaitic a Úsáid.	Curaclam, Caighdeáin & Cáilíochtaí
6.	Faoi Mhárta 2011, oibriú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhthéacs na Comhairle Aireachta Thuaidh/ Theas le gníomhaíochtaí comhaontaithe a sheachadadh le haghaidh a thabhairt ar thearcghnóthachtáil oideachais a bhfuil fócas áirithe acu ar chaighdeáin a ardú i litearthacht agus uimhearthacht agus ar thinreamh na mac léinn a chur chun cinn.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
7.	**Seachadadh an churaclaim athbhreithnithe a chomhtháthú agus caighdeáin a ardú** Faoi fhómhar 2010, a chinntiú go mbeidh plean gníomhaíochta soiléir comhleanúnach agus costáilte de chuid BOL/CCEA ann le tacú le scoileanna an curaclam athbhreithnithe a leabú; gnóthachtáil na mac léinn a fheabhsú; féinfheabhsú agus pleanáil éifeachtach forbartha scoileanna a sheachadadh; agus aghaidh a thabhairt ar na moltaí i dtuarascálacha na COO maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim athbhreithnithe agus pleanáil forbartha scoileanna. (Sprioc Ghaolmhar BOL)	Curaclam, Caighdeáin & Cáilíochtaí
8.	**Roghnú ábhair ETIM a chur chun cinn** Faoi Mheán Fómhair 2010, dul i gcomhairle i dtaobh Phlean Gníomhaíochta na RO le haghaidh a thabhairt ar na moltaí don RO ó Thuarascáil an Athbhreithnithe ETIM.	Curaclam, Caighdeáin & Cáilíochtaí
9.	**Seachadadh an Chreata Teidlíochta a chur chun tosaigh** Faoi Mheán Fómhair 2010, samhail úr mhaoinithe agus tacaíochta a thabhairt isteach atá deartha le feabhas a chur ar leithead, ar chothromaíocht agus ar chomhleanúnachas na gcúrsaí atá ar fáil do dhaoine óga ar scoil agus ag leibhéal Réimse Foghlama Pobail chuig leibhéal is féidir a chinntiú, agus má choinnítear suas é go mbeifear ag cloí leis na riachtanais reachtacha faoi Mheán Fómhair 2013.	Curaclam, Caighdeáin & Cáilíochtaí
10.	**Cáilíochtaí** Faoi dheireadh Iúil 2010, athbhreithniú a choimisiúnú agus a chinntiú gur cuireadh deireadh leis, ó thaobh phróisis seachadta scrúdúcháin CCEA agus plean gníomhaíochta a bheith aontaithe le CCEA le haghaidh a thabhairt ar aon mholtaí a thiocfaidh chun solais de bharr an athbhreithnithe sin.	Curaclam, Caighdeáin & Cáilíochtaí

2. AN BEARNA FEIDHMÍOCHTA A DHÚNADH, ROCHTAIN AGUS COTHROIME A MHÉADÚ		
Spriocanna Gaolmhara CSP: 19 (comhsprioc CSPanna 2,6,8)		
Uimhir Thagartha	**Sprioc**	**Príomhstiúrthóireacht**
	Sainriachtanais Oideachais	
11.	Faoi Mhárta 2011, tuarascáil a chur ar fáil a bhfuil athbhreithniú déanta ar mholtaí beartais SRO inti i bhfianaise na hanailíse ar na freagairtí ar 'ESAGS: An Bealach Chun Tosaigh do SRO agus do Chuimsiú' agus tús a chur le cur i bhfeidhm clár comhaontaithe tógála acmhainne do scoileanna agus do shuímh mhaoinithe réamhscolaíochta.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
12.	Faoi Nollaig 2010, tús a chur le comhairliúchán ar dhréachtstraitéis uathachais agus plean forfheidhmithe.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
13.	Faoi Mhárta 2011, gníomhaíochtaí na RO a chur i bhfeidhm sa Phlean Gníomhaíochta Aistrithe arna n-ullmhú ag an fhoghrúpa um SRO den Fhochoiste Aireachta um Pháistí agus um Dhaoine Óga.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
14.	Faoi réir amscála na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, aontú faoi Mhárta 2011 an bealach chun tosaigh maidir le hullmhú plean ilbhliantúil céimithe d'Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin a fhorbairt san am atá le teacht.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
15.	**Iompar** Faoi Mhárta 2011, moltaí a chur faoi bhráid an Fheidhmeannais maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar reachtach a chuireann teorainn ar chúnamh iompair a dhíol do dhaltaí atá ag freastal ar scoileanna deontaschúnta sa tuaisceart.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
16.	**Comhairleoireacht** Faoi Dheireadh Fómhair 2010, soláthar comhairleoireachta a shíneadh chuig daltaí atá ag aois na hiar-bhunscolaíochta i scoileanna speisialta.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
17.	**Beartas Óige** Faoi Nollaig 2010, 'Tosaíochtaí don Óige' a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin.	Teaghlaigh & Pobail
	Aistriú agus Iontrálacha	
18.	Faoi Mheán Fómhair 2010, comhairle a eisiúint faoin nós imeachta maidir le haistriú chuig iar-bhunscoileanna don scoilbhliain 2011-12.	Rochtain, Cuimsiú & Leas

19.	Comhlacht Cúinsí Eisceachtúla a bhunú d'iontrálacha daltaí atá ábalta iarratais a fháil ó dheireadh na Bealtaine 2010, éisteachtaí a thionól do chásanna mar sin laistigh de 4 seachtaine, agus cinntí a phróiseáil do chásanna mar sin laistigh de 3 seachtaine bhreise.	Rochtain, Cuimsiú & Leas
